Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**8379/22**

**EF 119**
**ECOFIN 363**
**DELACT 65**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 1892 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 31.3.2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1226 a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le soláthar i gcomhréir leis na ceanglais fógartha STS maidir le hurrúsuithe sintéiseacha laistigh den chlár comhardaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 1892 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 1892 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.3.2022
C(2022) 1892 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 31.3.2022**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1226 a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le soláthar i gcomhréir leis na ceanglais fógartha STS maidir le hurrúsuithe sintéiseacha laistigh den chlár comhardaithe**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) Uimh. 2021/557 leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 2017/2402 ('an Rialachán Urrúsúcháin') lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí, trédhearcach agus caighdeánaithe (STS) laistigh den chlár comhardaithe. Dá bhrí sin, leathnaíodh raon feidhme an lipéid STS ó urrúsuithe traidisiúnta (i.e. urrúsuithe ina ndíoltar na sócmhainní urrúsaithe le heintiteas sainchuspóireach) chun urrúsuithe ina bhfanann na sócmhainní ar chlár comhardaithe an eisitheora a áireamh freisin.

Le hAirteagal 27(6) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/2402, tugtar sainordú don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) dréachtchaighdeáin theicniúla rialála (RTS) a fhorbairt ina sonraítear an fhaisnéis a bhfuil sé de cheangal ar thionscnóirí agus ar urraitheoirí í a sholáthar chun na ceanglais fógartha STS a chomhlíonadh. Ceanglaíodh ar ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 10 Deireadh Fómhair 2021.

Baineann na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin go háirithe le hurrúsuithe STS laistigh den chlár comhardaithe, mar a shonraítear cheana i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1226 ón gCoimisiún an fhaisnéis atá le soláthar do ESMA maidir le hurrúsuithe traidisiúnta 'téarmacha' agus páipéir thráchtála shócmhainn-bhunaithe ar mian leo an t-ainmniú STS a úsáid.

I gcomhréir le hAirteagal 10 go14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear ESMA, cinnfidh an Coimisiún laistigh de thrí mhí tar éis na dréachtchaighdeáin a fháil cé acu a dhéanfaidh sé nó nach ndéanfaidh sé na dréachtaí arna gcur isteach a fhormhuiniú. Féadfaidh an Coimisiún, freisin, gan na dréachtchaighdeáin a fhormhuiniú ach go páirteach, nó iad a fhormhuiniú maille le leasuithe, i gcás ina n-éilítear amhlaidh ar mhaithe le leasanna an Aontais, ag féachaint don nós imeachta sonrach a leagtar síos sna hAirteagail sin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, rinne ESMA comhairliúchán poiblí. Foilsíodh páipéar comhairliúcháin an 27 Bealtaine 2021, agus tháinig deireadh leis an tréimhse chomhairliúcháin an 20 Lúnasa 2021. I gcomhréir leis an sainordú dlíthiúil, d'oibrigh ESMA i ndlúthchomhar leis an Údarás Baincéireachta Eorpach agus leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde agus an RTS á fhorbairt aige.

I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, áirítear sa tuarascáil deiridh an fhaisnéis chúlra ábhartha uile – go háirithe cúlra agus réasúnaíocht na ndréachtchaighdeán teicniúil, an measúnú tionchair agus an t-aiseolas i dtaobh an chomhairliúcháin phoiblí. D'fhormheas Bord Maoirseoirí ESMA an tuarascáil deiridh an 7 Deireadh Fómhair 2021 agus foilsíodh í ar shuíomh gréasáin poiblí ESMA.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leagtar amach sa RTS sin an fhaisnéis ar cheart do thionscnóirí urrúsuithe sintéiseacha laistigh den chlár comhardaithe fógra a thabhairt do ESMA ina leith, thionscnóirí arb é is aidhm dóibh an t-ainmniú STS a éileamh. Ar dhóigh chomhchosúil leis an bhfaisnéis a cheanglaítear le hurrúsuithe traidisiúnta, ceanglaítear ar thionscnóirí faisnéis a chur isteach faoin gcaoi a ndéanann an t-urrúsú gach critéar STS ar leith a chomhlíonadh. Déanann grúpa na gcaighdeán teicniúil na critéir STS a ghrúpáil i dtrí chatagóir, agus tá leibhéal éagsúil sonraí ag baint le gach ceann acu, ach sin ag brath ar chastacht an chritéir, chun a chur ar

chumas infheisteoirí a thuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanann an t-urrúsú na ceanglais STS a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na catagóirí sin: i) dearbhú; ii) míniú achomair; agus iii) míniú mionsonraithe.

I gcás urrúsuithe príobháideacha laistigh den chlár comhardaithe, tugann tionscnóirí fógra do ESMA trí dhá theimpléad: fógra STS comhlánaithe ina iomláine nach gcuirfear ar fáil go poiblí mar aon le fógra STS anaithnidithe a bheidh oiriúnach lena fhoilsiú ar láithreán gréasáin ESMA. Táthar ag súil go gcuirfidh tionscnóirí a n-údaráis inniúla faoi seach ar an eolas faoi ábhar iomlán an fhógra STS maidir le hurrúsuithe príobháideacha i gcomhréir le hAirteagal 27(1) den Rialachán Urrúsúcháin.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 31.3.2022**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1226 a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le soláthar i gcomhréir leis na ceanglais fógartha STS maidir le hurrúsuithe sintéiseacha laistigh den chlár comhardaithe**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoir 2009/65/CE, Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2011/61/AE, agus Rialachán (CE) 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012[1], agus go háirithe Airteagal 27(6), an tríú fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1226 ón gCoimisiún[2] sonraítear an fhaisnéis nach mór do pháirtithe urrúsúcháin a chur ar fáil don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) i gcomhréir leis na ceanglais shimplí, thrédhearcacha agus chaighdeánaithe (STS) maidir le fógra a thabhairt i dtaca le hurrúsuithe fíordhíolacháin traidisiúnta a leagtar síos in Airteagal 19 go 22 agus in Airteagal 23 go 26 de Rialachán (AE) 2017/2402.

(2) Le Rialachán (AE) 2021/557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] leasaíodh Rialachán (AE) 2017/2402 tríd an gcreat urrúsúcháin STS a leathnú chuig urrúsuithe sintéiseacha laistigh den chlár comhardaithe. Dá bhrí sin, is gá sonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis nach mór do thionscnóirí a chur faoi bhráid ESMA chun na ceanglais fógartha STS a chomhlíonadh maidir le hurrúsuithe sintéiseacha laistigh den chlár comhardaithe.

(3) Chun forléargas comparáideach ar gach cineál urrúsúcháin STS a thabhairt d’infheisteoirí, d’infheisteoirí féideartha agus d’údaráis inniúla, is iomchuí comhsheasmhacht a áirithiú sna fógraí STS ar fad. Dá bhrí sin, an fhaisnéis nach mór do thionscnóirí a chur isteach maidir le comhlíonadh na gceanglas STS a leagtar amach in Airteagal 26b go 26e de Rialachán (AE) 2017/2402, ba cheart í a bheith de réir caighdeáin agus leibhéal sonraí atá cosúil leo siúd a leagtar amach in Iarscríbhinní

1 IO L 347, 28.12.2017, lch. 35.

2 Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) Uimh. 2020/1226 an 12 Samhain 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos caighdeáin theicniúla rialála ag sonrú na faisnéise atá le cur ar fáil i gcomhréir le ceanglais fógartha STS (IO L 289, 3.9.2020, lch. 285).

3 Rialachán (AE) 2021/557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2402 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe chun cabhrú leis an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19 (IO L 116, 6.4.2021, lch. 1).

I, II agus III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1226. Go háirithe, is leor dearbhú simplí maidir le comhlíonadh le haghaidh critéir áirithe ach teastaíonn faisnéis bhreise le haghaidh cinn eile. Is gá, dá bhrí sin, idirdhealú a dhéanamh idir na critéir STS sin ar leor deimhniú simplí ina leith agus na critéir sin a bhfuil míniú achomair nó míniú mionsonraithe riachtanach ina leith.

(4) Le hurrúsuithe sintéiseacha laistigh den chlár comhardaithe i gcás nach féidir réamheolaire a tharraingt suas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], cuirtear ar chumas páirtithe idirbhearta urrúsúcháin a dhéanamh gan faisnéis tráchtála íogair a nochtadh. Is iomchuí, dá bhrí sin, an fhaisnéis atá le foilsiú maidir le fógraí STS i dtaobh urrúsuithe den sórt sin a shrianadh go faisnéis tráchtála neamhíogair.

(5) Chun rochtain ar fhaisnéis is ábhartha do na ceanglais STS a éascú, ba cheart cead a bheith ag tionscnóirí tagairt d'aon réamheolaire ábhartha a tarraingíodh suas d'urrúsú sintéiseach laistigh den chlár comhardaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1129 nó do dhoiciméadacht bhunúsach ábhartha eile dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2017/2402. Ina theannta sin, ba cheart cead a bheith ag tionscnóirí tagairt a dhéanamh d'aon doiciméad eile a bhaineann leis na hinfheisteoirí agus na tionscnóirí, leis an gcomhaontú cosanta creidmheasa, leis an ngníomhaire fíoraithe tríú páirtí agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, do dhoiciméadacht an idirbhirt lena dtacaítear leis na nótaí creidmheas-nasctha.

(6) D'fhonn trédhearcacht agus comhsheasmhacht na faisnéise idir réimsí idirghaolmhara a fheabhsú agus gnéithe sonracha a bhaineann le hurrúsuithe áirithe a shoiléiriú, lena n-áirítear urrúsuithe máistir-iontaobhais, is gá an fhaisnéis atá le tuairisciú faoi na colúin 'Ainm réimse' agus 'An t-ábhar atá le tuairisciú' a shoiléiriú i gcás réimsí áirithe in Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1226.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1226 a leasú dá réir sin.

(8) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ESMA atá an Rialachán seo bunaithe.

(9) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ESMA maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5],

---

4 Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12).

5 Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1226*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1226 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

‘(d) i gcás inar urrúsú sintéiseach laistigh den chlár comhardaithe é an t-urrúsú, an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.’;

(b) i mír 2, cuirtear isteach an pointe (d) seo a leanas:

‘(d) i gcás inar urrúsú sintéiseach laistigh den chlár comhardaithe an t-urrúsú, an fhaisnéis atá sonraithe i réimsí STSSY2, STSSY10, STSSY12 agus STSSY13 d’Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.’;

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

‘I gcás ina bhfuil faisnéis atá ábhartha don fhógra STS ar áireamh sna doiciméid a leanas, féadfar tagairt do na codanna ábhartha de na doiciméid sin a sholáthar sa cholún faisnéise breise atá in Iarscríbhinní I, II, III nó IV a ghabhann leis an Rialachán seo agus, i gcás ina soláthraítear an fhaisnéis sin, déanfar an doiciméadacht sin a shainaithint go soiléir:’;

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) aon doiciméad eile ina bhfuil faisnéis atá ábhartha don fhógra STS, lena n-áirítear, i gcás urrúsuithe sintéiseacha laistigh den chlár comhardaithe, doiciméid a bhaineann le haon tionscnóir, aon infheisteoir, an comhaontú cosanta creidmheasa, an gníomhaire fíoraithe tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 26e(4) de Rialachán (AE) 2017/2402, agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, an doiciméadacht a thacaíonn leis na nótaí creidmheas-nasctha dá dtagraítear in Airteagal 26e(10), an cúigiú fomhír, de Rialachán (AE) 2017/2402.’;

(3) leasaítear Iarscríbhinní I, II, III mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

(4) cuirtear Iarscríbhinn IV isteach de réir a bhfuil in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31.3.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*